M.72T

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal - 200 marc)

DÉARDAOIN 20 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

Freagair **Ceist 1, Ranna A agus B**, agus **trí** cheist ar bith eile.

**THALL →**


**1.** **(65 mharc)**

**ROINN A - 30 marc**

Freagair go hachomair **sé cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(a)** Cad is brí le gníomhú ribeach?


**(b)** Ainmnigh an chomhpháirt leictreach a thaispeántar.



**(c)** Luaigh ócáid ar a bhfuil gá le miotail a ainéaladh.

**(d)** Ainmnigh **dhá chineál** scriúshnáithe.

**(e)** Ainmnigh an tomhsaire a thaispeántar agus luaigh feidhmiúchán lena úsáid.




**(f)** Ainmnigh **dhá** chineál cruashádrála.

**(g)** Ainmnigh **dhá** mhodh chun obair a choinneáil agus meaisíniú ar siúl.

**(h)** Ainmnigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta a thagann i gceist agus meaisín druileála seastáin á úsáid.

**ROINN B - 35 mharc**

Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:


**(i)** Maidir le ceann ar bith díobh seo a leanas, déan cur síos ar a fheidhmiú agus ar a oibriú:

Ilmhéadar; Scanóir; Friotóir solas-spleách (LDR).

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí ríomhaireachta seo:

WWW, Rialú ríomhaire, ROM, Foilsitheoireacht Deisce.

**(k)** Mínigh feidhmiú agus oibriú na feiste a thaispeántar.



**(l)** Ainmnigh próiseas monaraithe ina n-úsáidtear na téarmaí *clogad luchtú feadán teallaigh* (= charging bell).

**(m)** Luaigh sampla d'fheidhmiúchán mheicníocht raca agus pinniún.

**2.** **(45 mharc)**

**(a)** Déan idirdhealú idir ainéaladh agus cruachan miotal.

**(b)** **(i)** Mínigh cén chaoi a ndéantar faghairt ar lárphritil chruach ardcharbóin tar éis a cruachana.

**(ii)** Cén fáth a bhfuil gá leis an bpróiseas seo?

**(c)** Luaigh an cineál cóireála teasa a mbaintear úsáid as i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

**(i)** Pointe scriúire déanta de chruach bhog;

**(ii)** Coimeádán coinnle copair agus cruth á bhualadh air le casúr.

**(d)** Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir le hairíonna miotal:

**(i)** Seoltacht;

**(ii)** Leaisteachas.

**3.** **(45 mharc)**

**(a)** Ainmnigh an próiseas a mbaintear úsáid as chun gach ceann de na hábhair seo a tháirgeadh:

**(i)** Muciarann; **(ii)** Cruach; **(iii)** Iarann teilgthe.

**(b)** Agus léaráid mar chúnamh agat, mínigh **ceann amháin** de na próisis in (a).

**(c)** Cad iad na miotail atá sa chomhshuíomh i sádar bog?

**(d)** Ainmnigh **dhá** mhiotal neamhfheiriúla.

**NÓ**

**(d)** Ainmnigh **dhá** chineál ciorcaid leictrigh.

**4.** **(45 mharc)**

**(a)** Freagair iad seo a leanas go hachomair, maidir le sádráil na gcomhpháirteanna ar chiorcaidlosaid:

**(i)** An fhoinse teasa a mbaintear úsáid aisti;

**(ii)** Cén tábhacht a bhaineann le roghnú an fhlosca?

**(iii)** Cén chaoi a gcuirtear an flosc ag obair?

**(iv)** Cén leáphointe atá ag sádar?

**(b)** Maidir le táthú ocsaicéitiléine, mínigh an difríocht atá idir:

**(i)** Lasair neodrach; **(ii)** Lasair ocsaídiúcháin; **(iii)** Lasair charbraithe.


**(c)** Ainmnigh **<u>trí</u>** réamhchúram sábháilteachta is gá a ghlacadh agus trealamh leictreach stuatháthúcháin á úsáid.

**5.** **(45 mharc)**

**(a)** Mínigh **<u>trí</u>** mhodh a mbaintear úsáid astu chun plaistigh a shiúntú.

**(b)** Ainmnigh na próisis múnlála seo a leanas a mbaintear úsáid astu agus comhpháirteanna plaisteacha á dtáirgeadh.

**(i)** **(ii)** **(iii)**



**(c)** Déan cur síos ar phróiseas **<u>amháin</u>** i (b), agus sainaithin na comhpháirteanna a tháirgeann sé.


**(d)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** réamhchúram sábháilteachta is gá a ghlacadh agus Umar Tumbhrataithe Plaisteach á úsáid.

THALL →


**6.** **(45 mharc)**

**(a)** Ainmnigh na huirlisí deile a thaispeántar agus mínigh an fheidhm atá le **ceann amháin** díobh.

**(i)**



**(ii)**



**(b)** Luaigh **dhá** úsáid ag cúlstoc deile.

**(c)** Cén aidhm atá ag réamú?

**(d)** Luaigh **dhá** chúis go ndéantar leaba deile as iarann teilgthe.

**NÓ**

**(d)** Ainmnigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le deil CNC a úsáid seachas deil thraidisíúnta.

**7.** **(45 mharc)**

**(a)** Maidir le teorainneacha agus oiriúintí, mínigh iad seo a leanas:


**(i)** Bacoiriúint; **(ii)** Glanoiriúint.

**(b)** Tá seafta le déanamh de réir trastomhas 80 $\pm$ 0.05 mm. Oibrigh amach:


**(i)** Trastomhas uasta an tseafta;
**(ii)** Trastomhas íosta an tseafta;
**(iii)** An lamháltas ar an seafta.

**(c)** Ainmnigh na **trí** thomhsaire a thaispeántar agus luaigh feidhmiúchán le **ceann amháin ar bith** díobh.


**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**NÓ**

**(c)** Mínigh an chaoi a n-oibríonn **ceann ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Sorcóir neomatach aonghníomhach;
**(ii)** Trasraitheoir